# LÍONRA TAISTIL GNÍOMHACH BHAILE ÁTHA CLIATH



# An Tionscadal ó Chluain Tarbh go Lár na Cathrach

## BILEOG EOLAIS




Tá an Tionscadal ó Chluain Tarbh go dtí Lár na Cathrach (Tionscadal C2CC) mar chuid de chroíghréasán taistil ghníomhaigh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (CCBÁC), agus tá sé á chistiú ag an Údarás Náisiúnta Iompair (an ÚNI).

Soláthróidh sé fad 8km de shaoráidí ardchaighdeáin siúil agus 6km de shaoráidí ardchaighdeáin rothaíochta, fad 5.4km de bhonneagar tosaíochta bus, glasú níos fearr, uasghráduithe san fhearann poiblí agus fóntais, agus fad 6km de phíomhphíobán uisce atá 100 bliain d’aois a athsholáthar. Síneann an scéim seo ó Bhóthar Chluain Tarbh (ag an acomhal le Bóthar Ailf Uí Bhroin) go dtí Sráid Amiens (ag an Acomhal le Sráid Thalbóid).

Cuirtear eolas ar fáil sa bhileog seo faoi roinnt garspriocanna agus na pleananna bainistíochta tráchta sealadacha a bheartaítear.




## CAD ATÁ SA BHILEOG SEO?

1 Buíochas
2 An tEolas is Déanaí faoi Dhul chun Cinn
3 Clár
4 Sonraí Teagmhála
5 Líníochtaí Tionscadail

## AMLÍNE:

| Ráithe 4 2017 | Ráithe 4 2020 | Ráithe 1 2022 | Ráithe 2 2024 |
|---|---|---|---|
| Cuid 8 Faofa | Tairiscintí a Fógraíodh | Tús na Tógála | Críochnaíodh an Tógáil |

Tionscadal Eireann Project Ireland 2040
NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dublin City Council

# 1 BUÍOCHAS MÓR DON PHOBAL

Ba mhaith le Foireann Tionscadail C2CC Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath buíochas a ghlacadh leis na cónaitheoirí, na gnólachtaí agus na comaitéirí feadh an bhealaigh as a bhfoighne agus a gcomhoibriú. Tá soláthar rathúil an tionscadail tógála á éascú aige seo. Baineann cur isteach sealadach nach féidir a sheachaint le tionscadail ar an scála seo. Dírímid ar na tionchair is lú agus is féidir a imirt. Go raibh maith agat as do chomhoibriú agus d'fhoighne leanúnach.

# 2 AN TEOLAS IS DÉANAÍ FAOI DHUL CHUN CINN




Tá dul chun cinn mór déanta ag na hoibreacha ar an taobh Isteach go dtí an chathair de Shráid Amiens idir Sráid Buckingham agus Acomhal na gCúig Lampa




Críochnaíodh agus osclaíodh trí cinn de na stadanna bus a bheartaítear feadh an bhealaigh



Leantar leis an bpábháil agus an tírdhreachú feadh an bhealaigh



Atógadh an balla cloiche stairiúil ar Bhóthar na Trá Thuaidh



Leantar leis an mbóthar a atógáil ag gach ceann de na hacomhail mhóra feadh an bhealaigh



Tá dul chun cinn mór déanta ag oibreacha ar an taobh Isteach go dtí an chathair trí Fhionnradharc agus an Pháirc



Tá poill chrainn a saindearadh á gcur isteach chun tacú le crainn nua sa scéim



Tá fad thart ar 6 km de phríomhphíobán uisce atá 100 bliain d'aois á athsholáthar feadh an bhealaigh



Rudaí nua á gcur, binsí agus pábháil curtha isteach le plás a chruthú ag Droichead Coisithe Fhionnradhairc



Balla coinneála nua tógtha ag Teach Shéamais Uí Lorcáin ina bhfuil limistéir chun rudaí a chur amach anseo

# 3 CLÁR OIBREACHA




Seo na dátaí táscacha cláir a bhaineann leis na stráicí a dtugtar cuntas orthu ar léarscáil an tionscadail thuas:

- **Stráice 1** (Ó Shráid Thalbóid go Sráid Buckingham Íochtarach) - oibreacha le tosú ar an taobh Isteach go dtí an chathair i Márta
- **Stráice ír 2** (Ó Shráid Buckingham Íochtarach go hAcomhal na gCúig Lampa) - tá go leor de na hoibreacha críochnaithe ar an taobh Isteach go dtí an chathair agus tosaíodh ar an taobh Amach ón gcathair i bhFeabhra
- **Stráice 3** (Ó Acomhal na gCúig Lampa go hAcomhal Phlás Annesley) - tá oibreacha ar bun ar an taobh Isteach go dtí an chathair. Beartaítear na hoibreacha a aistriú go dtí an taobh eile den chathair i Samhradh 2023
- **Stráice 4** (Ó Acomhal Phlás Annesley go Droichead Annesley) - tá oibreacha ar bun ar an taobh Isteach go dtí an chathair. Beartaítear na hoibreacha a aistriú go dtí an taobh eile den chathair i Samhradh 2023
- **Stráice 5** (Ó Dhroichead Annesley go Cúinne Edge) - tá oibreacha ar bun ar an taobh Isteach go dtí an chathair. Beartaítear na hoibreacha a aistriú go dtí an taobh eile den chathair i Samhradh 2023
- **Stráice 6** (Ó Chúinne Edge go hAcomhal Bhóthar Bhinn Éadair) - tá oibreacha ar bun ar an taobh Isteach go dtí an chathair. Beartaítear na hoibreacha a aistriú go dtí an taobh Amach ón gcathair i Samhradh 2023
- **Stráice 7** (Ó Acomhal Bhóthar Bhinn Éadair go dtí Bóthar Ailf Uí Bhroin) - tá oibreacha ar bun ar an taobh Isteach go dtí an chathair agus Amach ón gcathair. Tá súil leis go mbeidh na hoibreacha críochnaithe den chuid is mó go luath i Samhradh 2023

Beidh oibreacha aistrithe den chuid is mó faoi Ráithe 3 in 2023 chuig an taobh Amach ón gcathair

## 4 CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LE CCBÁC AGUS AN CONRAITHEOIR

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil ar Thionscadal C2CC nó teagmháil a dhéanamh le foireann tionscadail CCBÁC, féach na roghanna thíos, le do thoil:

www.c2cc.ie

activetraveloffice@dublincity.ie agus an t-ábhar: Tionscadal C2CC

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Tionscadal C2CC, An Rannóg Comhshaoil agus Iompair, Bloc 1, Urlár 6, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08 RF3F

Oifigeach Idirchaidrimh Tionscadail Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: 01 222 2536

Seirbhís fógraí SAOR IN AISCE í Foláirimh CCBÁC a chuireann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar fáil. Le nuashonruithe a fháil ar oibreacha a bhaineann leis an Scéim, cláraigh, le do thoil, ag alerts.dublincity.ie

---

Teagmháil a dhéanamh leis an gconraitheoir, Clonmel Enterprises Ltd.:

Teagmhálaí Éigeandála 24 Uair an Chloig: 086 032 4904

c2cc@clonmelent.com

www.clonmelent.com

## 5 LÍNÍOCHTAÍ TIONSCADAIL

Tá cruachóip de na líníochtaí uile, ar fáil le breathnú orthu, le linn na:

- Leabharlann Mheal Charleville, an Trá Thuaidh, Baile Átha Cliath 1
- Leabharlann Marino, 14-20 Marglann Marino, Baile Átha Cliath 3
- www.c2cc.ie